Plean Gaeilge Naomh Fhiach

**Réasúnaíocht**

Cuireann foghlaim **teangacha** ar chumas pháistí an domhan mórthimpeall orthu a thuiscint agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine eile. Is iomaí cineál cumarsáide atá ann, ó chumarsáid neamhbhriathartha agus bhriathartha go téacsanna clóite agus digiteacha.

- Múnlaítear tríd an teanga muid.
- Próiseas forásach is ea foghlaim teanga
- Próiseas comhtháite is ea foghlaim teanga
- Is trí idirghníomhaíochtaí a fhoghlaimíonn páistí teanga
- Foghlaimíonn páistí teanga i gcomhthéacsanna éagsúla scoile

**Aidhmeanna**

**1. Páistí agus a saol**

Is é aidhm Churaclam Teanga na Bunscoile tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí

- **a chur ar chumas** páistí tógáil ar eolas agus ar thaithí atá acu cheana féin ar theanga agus ar fhoghlaim theanga le cur lena bhfoghlaim theanga
- páistí a **spreagadh** le glacadh go dearfach leis an nGaeilge, agus ár bhféiniúlacht chultúrtha a chur chun cinn trí úsáid na Gaeilge
- páistí le teangacha agus cultúir éagsúla a **spreagadh** le bheith bródúil as a n-oidhreacht agus í a roinnt
- **aitheantas** a thabhairt don éagsúlacht mhór taithí, cumais agus stíle teanga a bhíonn ag páistí agus iad ag foghlaim teanga ar scoil mar chéad chéim le cur ar a gcumas a bheith rannpháirteach i gcaidreamh cumarsáideach atá ábhartha agus lán brí

**2. Cumarsáid agus ceangail páistí le daoine eile**

Is é aidhm Churaclam Teanga na Bunscoile tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí

- **glacadh** le huathúlacht na bpáistí trína **meas** ar a dteanga bhaile, a dtuiscint ar theanga agus ar ilghnéitheacht, agus a gcumas chun teangacha, gothaí agus uirlisí éagsúla a le cumarsáid a dhéanamh le daoine i gcomhthéacsanna agus i suímh éagsúla a chothú
- páistí a **spreagadh** agus a **chumasú** le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh sa chéad teanga agus sa dara teanga de chuid na scoile agus cumarsáid a dhéanamh ina dteanga oidhreachta le haghaidh cuspóirí éagsúla
- páistí a **chumasú** le bheith rannpháirteach go hiomlán i réimse leathan d’eispéiris teanga agus cumarsáideacha atá ábhartha agus lán brí le páistí ar comhaois leo agus le daoine fásta, agus le taitneamh a bhaint astu

**3. Foghlaim agus forbairt teanga na bpáistí**

Is é aidhm Churaclam Teanga na Bunscoile tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí

- spéis ar feadh an tsaoil i bhfoghlaim theanga, agus grá d’fhoghlaim teanga, **a chothú** i bpáistí ar mhaithe le taitneamh agus saibhriú pearsanta agus, ar an gcaoi sin, dearcadh dearfach i leith cumarsáide agus teanga a chur chun cinn
- tuiscint páistí ar an domhan **a leathnú** trí éagsúlacht shaibhir eispéiris teanga agus trí fheasacht agus **meas** i leith teangacha agus cultúir eile **a chothú** i dtimpeallacht foghlama a shaibhríonn iad

- páistí **a chumasú** chun úsáid shamhlaíoch agus chruthaitheach a bhaint as teanga agus tuiscint a bheith acu do ghnéithe aeistéitiúla na teanga
- páistí **a spreagadh** le bheith rannpháirteach go pearsanta i réimse leathan de théacsanna labhartha, geáitsíochta, scríofa agus il-mhodúlacha, agus smaoineamh go criticiúil orthu
- **tacú** le páistí lena scileanna liteartha a fhorbairt agus iad a **chumasú** le dul chun cinn a dhéanamh ar a luas foghlama féin i dteanga ó bhéal, léite agus scríofa
- feasacht teanga **a chothú** sna páistí, ionas go dtuigfidh siad agus go mbeidh meas acu ar ábhar agus ar struchtúr teangacha

**Snaitheanna agus Gneithe**

Tá trí ***shnáithe*** i gCuraclam Teanga na Bunscoile- **teanga ó bhéal**, **léitheoireacht** agus **scríbhneoireacht** sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon.
Sna trí shnáithe, déantar cur síos sna ***gnéithe*** ar fhoghlaim theanga bhunriachtanach. Tá tacar de Thorthaí Foghlama ag gach gné, ina ndéantar cur síos ar fhoghlaim thábhachtach teanga ó thaobh coincheap, meonta agus scileanna. Tá na gnéithe ag brath ar a chéile.

Is iad seo a leanas na ***gnéithe*** d'fhoghlaim teanga a bhaineann le gach ceann de na snáitheanna:

**1. Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí theanga**
**2. Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint**
**3. Teanga a fhiosrú agus a úsáid.**

**Torthai foghlama**

Úsáidtear Torthaí Foghlama le cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbítear ag súil leo ó fhoghlaimeoir tar éis tréimhse ama
*Learning outcomes are used to describe the expected learning and development for learners at the end of a period of time*

### Teanga Ó Bhéal
https://curriculumonline.ie/primary/curriculum-areas/primary-language/teanga-o-bheal/

**Léitheoireacht**
https://curriculumonline.ie/primary/curriculum-areas/primary-language/leitheoireacht/

### Scríbhneoireacht
https://curriculumonline.ie/primary/curriculum-areas/primary-language/scribhneoireacht/

| Tábla 1: Léargas ginearálta ar na Torthaí Foghlama (31) | | | |
|---|---|---|---|
| | **Teanga ó Bhéal** | **Léitheoireacht** | **Scríbhneoireacht** |
| **Communicating ("The Will")**<br><br>**Cumarsáid** | Engagement, Listening and Attention<br>Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird | Engagement<br><br>Rannpháirtíocht | Engagement<br><br>Rannpháirtíocht |
| | Motivation and Choice<br><br>Inspreagadh agus rogha | Motivation and Choice<br><br>Inspreagadh agus rogha | Motivation and Choice<br><br>Inspreagadh agus rogha |
| | Social Conventions and Awareness of others<br><br>Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eilel | | |
| **Understanding ("The Skill")**<br><br>**Tuiscint** | Sentence structure and Grammar<br><br>Struchtúr abairte agus gramadach | Conventions of print and Sentence Structure<br><br>Gnásanna cló agus struchtúr abairte | Conventions of Print and Sentence Structure<br><br>Struchtúr abairte agus gnásanna cló |
| | Vocabulary<br><br>Stór focal | Vocabulary<br><br>Stór focal | Vocabulary<br><br>Stór focal |
| | Demonstration of Understanding<br><br>Léiriú tuisceana | Phonics, Word Recognition and Word Study<br>Fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail | Spellings and Word Study<br><br>Litriú agus staidéar ar fhocail |
| | | Phonological and Phonemic Awareness<br>Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach | |
| **Exploring and Using ("The Thrill")**<br><br>**Fiosrú agus úsáid** | Requests, questions and interactions<br>Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe | Purpose, Genre and Voice<br><br>Cuspóir, seánra agus guth | Purpose, Genre and Voice<br><br>Cuspóir, seánra agus guth |
| | Categorisation<br><br>Catagóiriú | Comprehension<br><br>Tuiscint | Writing process and creating texts<br>Próiseas na scríbhneoireachta agus ag cruthú téacs |
| | Retelling and elaboration<br><br>Athinsint agus mionléiriú | Response and Authors Intent<br><br>Freagairt agus intinn an údair | Response and Authors Intent<br><br>Freagairt agus intinn an údair |
| | Playful and Creative use of language<br>Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach | Fluency and Self correction<br><br>Líofacht agus féincheartú | Handwriting and Presentation<br><br>Peannaireacht agus cur i láthair |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Information Giving, Explanation and Justification<br>Eolas, míniú agus údar a thabhairt | | |
| | Description, prediction and Reflection<br>Cur síos, tuar agus machnamh | | |

**Curaclam Teanga na Bunscoile i bhfeidhm (*"in practice"*)**

1. **Foghlaim an dara teanga**

Nuair a bhíonn roinnt focal sealbhaithe ag páistí sa teanga nua, tosaíonn siad ag meascadh agus ag úsáid focail T2 in abairtí T1 mar fhriotal measctha. Má shealbhaítear an teanga nua i suíomh a bhfuil taithí acu air, foghlaimeoidh na páistí focail agus frásaí a bhíonn in úsáid go rialta an lá ar fad. Dá bhrí sin, moltar an Ghaeilge a úsáid go rialta i gcaitheamh an lae taobh amuigh den cheacht ar an gclár ama. Is féidir an Ghaeilge a úsáid ar scoil agus sa seomra ranga mar theanga chumarsáide agus bhainistíochta. Mar shampla, chun teachtaireacht a sheoladh, ceist a chur nó cabhair a lorg.

2. **An cur chuige cumarsáideach**

Is é an cur chuige cumarsáideach an cur chuige atá molta sa churaclam leis an dara teanga a mhúineadh. Tá an cur chuige seo lárnaithe san fhoghlaimeoir; leagtar an phríomhbhéim ar riachtanas cumarsáide a bheith á chomhlíonadh ag an bhfoghlaimeoir. Dírítear sa chur chuige ar bhrí agus ar theachtaireachtaí a chur in iúl, agus an múinteoir ag múnlú agus ag athúsáid na teanga an lá ar fad. Leagtar an bhéim ar chumarsáid thaitneamhach, idirghníomhach a bhfuil cuspóir léi agus úsáidtear an spriocteanga chomh luath agus chomh minic agus is féidir sa cheacht teanga.

**Bíonn trí thréimhse i gceacht ina bhfuil cur chuige cumarsáideach á úsáid:**

- An tréimhse réamhchumarsáide: **múintear** stór focal ó bhéal, feidhmeanna teanga nó struchtúir atá riachtanach don tasc teanga agus **cleachtar** iad le réimse tacaí agus gníomhaíochtaí. Tá nasc díreach idir an teanga a úsáidtear sa tréimhse seo agus an teanga a úsáidtear sa tréimhse chumarsáide. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an tréimhse ionchuir i dtaca le foghlaim an dara teanga agus ceachtanna sa dara teanga. Is cuid bhunriachtanach den tréimhse seo é an t-athrá chun teanga nua a bhunú le haghaidh na tréimhse cumarsáide. Le go mbeidh páistí in ann teanga a shealbhú go cruinn, ní mór dóthain ullmhúcháin a dhéanamh agus go mbeadh na páistí nochta don teanga a ndóthain.
- An tréimhse chumarsáide: baineann foghlaimeoirí úsáid as an bhfoclóir ó bhéal, feidhm teanga nó struchtúr nua chun tasc cumarsáideach a chur i gcrích. Tá na tascanna seo dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus d'fhéadfadh súgradh, drámaí, díospóireachtaí, agallaimh agus mar sin de a bheith i gceist. Agus an teanga in úsáid níos minice acu, éiríonn na foghlaimeoirí níos neamhspleáiche de réir a chéile ó thaobh an teanga nua a úsáid agus de réir mar a shainaithníonn an múinteoir earráidí. Cuireann sé sin bonn

eolais faoin bpleanáil agus faoin soláthar d'fhoghlaim a dhéanann an múinteoir ina dhiaidh sin.
- An tréimhse iarchumarsáide: agus an múinteoir ag tacú leo, daingníonn na foghlaimeoirí a gcuid foghlama agus aistríonn siad í go dtí gníomhaíochtaí eile. Féachann an múinteoir chun cinn go dtí an chéad chéim eile agus pleanálann i dtreo ionchur agus teagasc teanga amach anseo.

3. **Feidhmeanna teanga:**

Tá na feidhmeanna teanga lárnach d'fhoghlaim an dara teanga. 'Feidhm teanga' a thugtar ar an úsáid a bhaineann duine as teanga chun sprioc chumarsáide éigin a bhaint amach. Cuireann feidhmeanna teanga ar chumas páistí iad féin a chur in aithne do dhaoine eile, ceisteanna a chur, smaointe a chur in iúl, iarratais a dhéanamh agus struchtúr a chur ar na freagraí a thugann siad ar dhaoine eile.

Feidhmeanna Teanga N Fhiach

Conas gur féidir linn caint neamhfhoirmiúil a chur chun cinn i rith an lae?
- Beannú
- Bainistíocht Ranga
- Ócáidí Rialta
- Spreagadh
- Pobal na Scoile
- Feidhmeanna Teanga

Gaeilge Neamhfhoirmiuil i rith an lae
Padlet Gaeilge Neamhfhoirmiuil
Frásaí na Seachtaine

4. **Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT)**

Tugann FCÁT deis do pháistí a muinín a fhorbairt trína scileanna nua teanga a úsáid i bhfíorchomhthéacsanna taobh amuigh den cheacht teanga scoite. Tugtar deiseanna do mhúinteoirí an Ghaeilge a chomhtháthú ar fud an churaclaim ar bhealach gníomhach lánbhrí. Is féidir le múinteoirí tús a chur lena gcuid pleanála trí ábhar a roghnú ina bhfuil siad compordach cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge, atá oiriúnach don FCÁT. Is féidir úsáid a bhaint as FCÁT chun ábhar a theagasc má bhíonn an teanga nua riachtanach a bhaineann leis an ábhar curtha ar fáil roimh ré ag an múinteoir.
Treoracha Naonain Corpoideachas
Treoracha Ardranganna Corpoideachas

5. **Tumoideachas**

Déantar páistí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu (BTB/EAL) a thumadh i dteanga na scoile. Nuair a bhíonn teanga an phobail éagsúil le teanga an bhaile, is féidir le tuismitheoirí

agus leis an scoil ról tábhachtach a imirt le teanga baile an pháiste a cheiliúradh agus a chothabháil.

6. **Aistriú scileanna**

Is de nádúr **teangacha** iad a bheith gaolmhar le chéile. Tá bunachar eolais ann atá mar a chéile i gcás gach teanga. Fágann sé sin gur féidir coincheapa, scileanna litearthachta agus straitéisí foghlama a aistriú ó theanga amháin go teanga eile.  Foghlaimíonn páistí an dara teanga ar an gcaoi chéanna, a bheag nó a mhór, is a fhoghlaimíonn siad an chéad teanga, trí bheith ag idirghníomhú le daoine eile chun a gcuid riachtanas a chur in iúl.
Bíonn an próiseas a bhaineann le foghlaim an dara teanga níos éifeachtúla má chaitheann múinteoirí roinnt ama teagaisc ag díriú ar an aistriú ó theanga go teanga seachas breathnú ar gach teanga ina haonar nó mar "ábhar" ar leith. Ach díriú ar aistriú scileanna, beidh páistí in ann ceangail a dhéanamh idir teangacha agus feasacht a fhorbairt ar an gcaoi a n-oibríonn teangacha.
Aistriú scileanna Straitéisí tuisceana
Straiteisi-Tuisceanna Symbols
Aistriú scileanna Seánra scríbhneoireachta
NaSeanraiScribhneoireachta
padlet link Seanra Scribhneoireachta
padlet link Fonaic
padlet link fonaic 2

7. **Feasacht teanga agus feasacht chultúrtha**

Nuair is féidir, is ceart páistí a spreagadh le teanga difriúla a fhiosrú, agus na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir teanga an bhaile agus teangacha eile a aithint. Tá sé tábhachtach deiseanna a thabhairt dóibh chun cultúr agus nósanna na tíre nó na hoidhreachta lena mbaineann a dteanga a roinnt. Is féidir Béarla, Gaeilge agus an tríú teanga a úsáid i gcásanna áirithe, chun an méid atá ar eolas ag páistí agus a fhoghlaim faoi theangacha a threisiú agus a ghinearálú.

8. **Éagsúlacht teangacha agus Curaclam Teanga na Bunscoile**

Tá athrú mór tagtha ar sheomraí ranga bunscoile le blianta beaga anuas agus cuireadh fáilte roimh pháistí ó réimse cúlraí cultúir agus teanga. Má aithníonn múinteoirí go bhfuil éagsúlacht teangacha sa seomra ranga, beidh deis acu aghaidh a thabhairt ar an seomra ranga ilteangach agus níos mó foghlama agus níos mó feasachta ar theanga a chothú do gach páiste.

Léiríonn Curaclam Teanga na Bunscoile an éagsúlacht teangacha i mbunscoileanna sa mhéid is go dtugann sé aitheantas don Ghaeilge, don Bhéarla agus do theangacha eile. Cuireann an tagairt do 'theangacha eile' sa churaclam ar chumas múinteoirí tarraingt ar chumas teanga gach páiste agus tacú leis agus deiseanna spreagúla a thabhairt do pháistí chun teangacha a chíoradh agus a scrúdú agus iad a chur i gcomparáid lena chéile. Mar shampla, is féidir páistí a spreagadh le **téacsanna a léamh agus a scríobh ina dteangacha baile** agus leis na téacsanna seo a roinnt le piaraí. Cuirtear feasacht teanga chun cinn sa seomra ranga ach

**páistí a spreagadh lena dteangacha baile a úsáid** agus leis an eolas atá acu ar theangacha a roinnt.

9. **Súgradh**

Is féidir cur chuige spraíúil a roinnt ina thrí chatagóir de ghnáth: súgradh a stiúrann an páiste/na páistí go hiomlán; gníomhaíochtaí spraíúla a phleanálann an múinteoir agus a mbíonn an múinteoir i gceannas orthu; agus an múinteoir agus na páistí a bheith ag stiúradh an tsúgartha le chéile.

Nuair a bhíonn páistí níos óige ag ligean orthu féin gur dochtúirí iad, mar shampla, caithfidh siad oidis a scríobh, caithfidh ábhar léitheoireachta a bheith sa seomra feithimh, teastaíonn leabhar coinní ón bhfáilteoir agus mar sin de. D'fhéadfadh páistí níos sine scripteanna a chruthú le haghaidh drámaí a eascraíonn as rólghlacadh nó téacs a scríobh le gabháil le grianghraif de rudaí a thóg siad le bloic.

Is sa súgradh a chleachtann páistí léitheoireacht agus scríbhneoireacht an ghnáthshaoil agus is sa súgradh is féidir leo meon dearfach a chothú i leith na litearthachta.

10. **Litearthacht trasna an churaclaim agus litearthacht disciplín**

Má bhíonn páistí i mbun fiosrúcháin (*engaged in inquiry*) in ábhar eile, cuireann sé sin fíorchomhthéacs ar fáil chun an teanga ó bhéal, an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht a fhorbairt. Cothaíonn Curaclam Teanga na Bunscoile comhtháthú idir foghlaim teanga agus foghlaim atá bunaithe ar ábhar an lá scoile, an tseachtain scoile agus an bhliain scoile ar fad.

11. **Litearthacht chriticiúil**

Ní hamháin go dtuigeann **léitheoirí criticiúla** a bhfuil á léamh acu, ceistíonn siad é freisin. Cé dó a seasann an téacs? Cé dó nach seasann an téacs? Cé na smaointe a dtugtar tús áite dóibh (*are given prominence*)? Cé na smaointe a dtugtar neamhaird orthu?

12. **Litearthacht dhigiteach**

Aithníonn an curaclam gur féidir teicneolaíocht a úsáid mar uirlis d'fhorbairt agus foghlaim litearthachta.

**Acmhainni Breise**

**Teanga O Bhéal**

**Struchtúr & Foclóir do na deich dtéamaí Ghaeilge**

**Sceim Bliana do na deich dtéamaí**

**Leitheoireacht**

**Léigh Liom Levelled Readers Inventory**

**Clár Gramadaí T2 Naí - R6.docx**


Úrleabhair
Níl aon úrleabhar in usáid againn faoi láthair

Leabharlann
Tá plean againn leabhair Ghaeilge a cheannach don leabharlann

Fócloir Ghaeilge

**Scríbhneoireacht**
Scríbhneoireacht saor
Na Seánraí scríbhneoireachta

**Pleanáil Mhúinteora**





**Clár ama**
2.5 uair/seachtain sna naonáin
3 uair/seachtain rang 1 - 6

**Measúnú**
Bíonn an measúnú ar chontanam. Tacaíonn an curaclam le contanam measúnaithe ón ‘measúnú iomasach’ go dtí ‘idirghníomhaíochtaí pleanáilte’ go dtí ‘imeachtaí measúnaithe’

| | | |
|---|---|---|
| **MEASÚNÚ IOMASACH** Neamhphleanáilte, neamhthaifeadta, agus leanúnach Ní bhíonn a fhios ag na páistí de ghnáth go bhfuil siad á measúnú | **IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ PLEANÁILTE** Níos sofheicthe, b’fhéidir go mbeadh sé á thaifeadadh agus go mbeadh baint aige le Torthaí Foghlama/inniúlachtaí B'fhéidir | **MEACHTAÍ MEASÚNAITHE** Imeachtaí ar leith atá sofheicthe agus taifeadta Bíonn a fhios ag na páistí de ghnáth go bhfuil siad á measúnú |

| | | |
|---|---|---|
| SAMPLA<br>ceisteanna cuí a chur chun an fhoghlaim a scafláil; a bheith solúbtha agus freagrúil má bhíonn an chuma air go bhfuil míthuiscint ar pháiste | go mbeadh a fhios ag na páistí go bhfuil siad á measúnú nó b'fhéidir nach mbeadh<br><br>SAMPLA<br>iarraidh ar pháistí mapaí coincheap a thógáil chun a dtuiscint reatha ar thopaic a chur in iúl; píosa oibre a phlé le páiste | SAMPLA<br>trialacha/tráth na gceist a chruthaíonn an múinteoir; measúnachtaí caighdeánaithe a cuireadh le chéile go seachtrach; measúnachtaí diagnóiseacha |




*Úsáidtear portfolio digiteach i scoil Naomh Fhiach freisin don mheasúnú tríd an app seesaw

## Obair Bhaile

Tugtar obair bhaile oiriúnach sa Ghaeilge.
Deanfaimid iarracht an bhéim chéanna a chur ar éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht mar shampla litriu no dán a fhoglaimt de ghlanmheabhair.

Ni bhíonn an obair bhaile chéanna ag gach páiste sa rang.

## Rólanna agus freagracht

Na daoine a bheidh i bhfeighil an plean ná Miss Reddy (AP2 Gaeilge); Miss Payne (AP2 Litríocht) Foireann teagaisc/foireann litríochta.

## Athbhreithniú

Caithfear an plean seo a athbhreithniú go rialta chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil Curaclam na Gaeilge á cur i gcrích i gceart. Ar dtús i ndiaidh bliain amháin agus ansin gach trí bhliain.